# Nuacht Neachtain

## Aibreán 2018

### TURAS go hOILEÁN SGITHEANACH

Tá Gaelscoil Neachtain ag obair i bpáirtíocht le Glór Dhún Geimhin chun turas go hOileán Sgitheanach a shocrú do pháistí Ranganna 6,7. Imeoidh na páistí Dé Domhnaigh 29 Aibreán agus pillfidh said Dé Céadaoin, 2 Bealtaine. In Oileán Sgitheanach dóibh, tabahrfaidh na páistí cuairt ar Bhun-Sgoil Shleite, bunscoil Gáidhlig.

### CRUINNIÚ R.6/7

Beidh cruinniú ann sa Ghaelscoil **Tráthnóna Dé Céadaoine, 25 Aibreán ar 6.00i.n.** fá choinne thuismitheoirí de pháistí Ranganna 6/7 maidir leis an turas go hOileán Sgitheanach. **Ní mór do thuismitheoir amháin ar a laghad a bheith i láthair ar son gach páiste.** Go raibh maith agat.

### CRUINNIÚ TUISMITHEOIRÍ R.3

Tá cruinniú ann sa Ghaelscoil tráthnóna amárach, An Chéadaoin, 25 Aibreán ar 6.30i.n. do thuismitheoirí páistí Rang 3 chun solathar sóláistí a eagrú i ndiaidh An Chéad Chomaoinigh Naofa, 26 Bealtaine. Go raibh maith agat.

### PÁIRCEÁIL

**Iarrtar ar an chéad tiománaí isteach chun na Gaelscoile ar 1.50i.n. agus ar 2.50i.n. páirceáil chun tosaigh a fhad leis an rampa, le do thoil, sa dóigh is go mbíonn spás ag na carranna eile teacht isteach chun clós na Gaelscoile. Go raibh maith agat.**

### TRIP to THE ISLE of SKYE

Gaelscoil Neachtain is working in partnership with Glór Dhún Geimhin to organise a trip to the Isle of Skye for the children in Ranganna 6,7. The children will leave on Sunday, 29th April and return on Wednesday, 2nd May. Whilst in Skye, the children will visit Bun-Sgoil Shleite, a Gáidhlig-medium bunscoil.

### RANG 6/7 MEETING

There will be a meeting in the Gaelscoil on **Wednesday evening, 25th April 6.00p.m**. for the parents of children in Ranganna 6/7 regarding the trip to the Isle of Skye. **Each child must be represented by at least one parent.** Go raibh maith agat.

### R.3 PARENTS' MEETING

There will be a meeting in the Gaelscoil tomorrow, 25th April at 6.30p.m. for the parents of Rang 3 to organise provision of refreshments after First Holy Communion on 26th May. Go raibh maith agat.

### PARKING

**The first driver into the Gaelscoil at 1.50p.m. and at 2.50p.m. is asked, please, to park forward as far as the ramp so that there is enough space for other cars to come into the Gaelscoil grounds. Go raibh maith agat.**

## POLASAÍ FREASTAL

Tugtar faoi deara, le do thoil: ag teacht le Polasaí Freastal na Gaelscoile, tá ar thuismitheoir dul i dteagmháil leis an oifig ar maidin má tá páiste a dhul a bheith as láthair an lá sin. IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ SEO A DHÉANAMH, LE DO THOIL, AR MHAITHE LE hEASCADH RIARACHÁIN. Go raibh maith agat.

## ACHAINÍ TRÓCAIRE

**Buíochas ó chroí le páistí, tuismitheoirí agus foireann na scoile as an tabhartas an-fhlaithiúil a thug sibh d'achainí *Thrócaire* i mbliana. Buíochas ar leith daoibh as ar thug sibh don díolachán císte! Bailíodh £210 ar fad, brabach de dhíolachán císte R.6/7 san áireamh.**

## LÁ SPÓRT

Tá Naíscoil Neachtain agus Gaelscoil Neachtain ag teacht le chéile arís i mbliana fá choinne lá mór spórt Dé Luain, 28 Bealtaine. Tosóidh an lá ar 9.30r.n. agus na páistí as Naíscoil Neachtain ag taispeáint na scileanna 's acu ar dtús. Tuilleadh eolais le teacht.

## AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45r.n. Fáilte roimh achan pháiste. **Glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40r.n.** Go raibh maith agat.

## ATTENDANCE POLICY

Please note: in keeping with our Attendance Policy, parents are to contact the Gaelscoil in the morning if their child is going to be absent that day. PARENTS ARE ASKED TO DO THIS, PLEASE, TO AID ADMINISTRATION. Go raibh maith agat.

## TRÓCAIRE CAMPAIGN

**Sincere thanks to children, parents and staff for your very generous support for this year's *Trócaire* campaign. Particular thanks for all contributions to the cake sale! The total amount raised, including R.6/7's cake sale, was £210.**

## SPORTS' DAY

Naíscoil Neachtain and Gaelscoil Neachtain are coming together again this year for a great day's sport on Monday, 28th May. The day will begin at 9.30a.m. with the children from Naíscoil Neachtain displaying their skills first! More information to follow.

## BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45a.m. All children are welcome. **Last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** Go raibh maith agat.

## SEOMRAÍ RANGA NUA

Ar an drochuair, cuireadh in iúl dúinn gurb ann do mhoill sé seachtaine maidir le críochniú na seomraí ranga nua. Ciallaíonn sé seo go gcuirfear plean sealadach in áit le haghaidh chóiríocht ranganna idir Meán Fómhair agus Oíche Shamhna 2018. Tuilleadh eolais le teacht.

## AN CORPOIDEACHAS

| | |
|---|---|
| R.1 | An Chéadaoin agus An Déardaoin |
| R.2 | An Chéadaoin agus An Déardaoin |
| R.3/4 | An Chéadaoin agus An Déardaoin |
| R.5 | An Chéadaoin agus An Aoine |
| R.6/7 | An Chéadaoin agus An Aoine |

***Ar mhaithe leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht, ní mór d'achan pháiste brógaí spórt a chaitheamh don chorpoideachas agus ní mór do ghasraí R.5-7 éadaí cuí a chaitheamh don pheil ar an Aoine. Go raibh maith agat.***

## AN SPÓRT IAR-SCOILE

| | |
|---|---|
| An Mháirt, 3 - 4 i.n. | Camógaíocht agus Iomáint |
| An Déardaoin, 3-4i.n. | Peil |

**UGTAR FAOI DEARA, LE DO THOIL: MAR GHEALL AR AN TURAS go hALBAN AGUS BLIOTS SCOILE, NÍ BHEIDH SPÓRT IAR-SCOILE ANN DÉ MÁIRT 1 BEALTAINE NÓ DÉARDAOIN 3 BEALTAINE.** Go raibh maith agat.

## NEW CLASSROOMS

Unfortunately, we have been informed of a six-week delay regarding the completion of the new classrooms. This means that a temporary plan for class accommodation will be put in place between September and Hallowe'en 2018. More information to come.

## P.E.

| | |
|---|---|
| R.1 | Wednesday and Thursday |
| R.2 | Wednesday and Thursday |
| R.3/4 | Wednesday and Thursday |
| R.5 | Wednesday and Friday |
| R.6/7 | Wednesday and Friday |

***In the interests of health and safety, all children must wear sports shoes for P.E. and R.5 – 7 boys must wear suitable clothing for football on Fridays. Go raibh maith agat.***

## AFTER-SCHOOL SPORT

| | |
|---|---|
| Tuesday, 3 – 4p.m. | Camogie and Hurling |
| Thursday, 3 – 4 p.m. | Football |

**PLEASE NOTE: BECAUSE OF THE TRIP TO SKYE AND A SCHOOL BLITZ, THERE WILL BE NO AFTER-SCHOOL SPORT ON TUESDAY, 1st MAY OR THURSDAY, 3rd MAY.** Go raibh maith agat.

**SAOIRE na BEALTAINE**

Cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil Gaelscoil Neachtain druidte, Dé Luain 7 Bealtaine, do Shaoire na Bealtaine. Athosclaíonn Gaelscoil Neachtain arís Dé Máirt, 8 Bealtaine.

**EOLAS GAELSCOILE**

**Má tá tú ag iarraidh eolais, nó soiléireacht, fádtaobh d'ábhar ar bith Gaelscoile, téitear i dteagmháil, le do thoil, leis an mhúinteoir ranga nó cuirtear glaoch ar oifig na Gaelscoile – 028 777 42529. Go raibh maith agat.**

**COSAINT AN PHÁISTE**

***Is í Danielle Nic Ailín Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. In éagmais Danielle, glacfaidh Róisín freagrachtaí an Mhúinteoir Ainmnithe uirthi. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le Róisín nó leis an phríomhoide, le do thoil, láithreach bonn.***

**FEIS CHARN TÓCHAIR**

Ná déan dearmad - tá Feis Charn Tóchair ar siúl in An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha, Dé Sathairn, 12 Bealtaine. Cuirfear clár ama imeachtaí ar fáil roimh ré.

**www.familysupportni.gov.uk**

Cuireann an suíomh luaitethuas eolas ar fáil faoi achan chineál seirbhíse a bhaineann le taca don teaghlach.

**AN PHONCÚLACHT**

**Tosaíonn an lá scoile ar 8.50r.n. gach lá d'achan pháiste ag Gaelscoil Neachtain.**

**MAY BANK HOLIDAY**

You are reminded that Gaelscoil Neachtain is closed on Monday, 7th May for the May Day holiday. Gaelscoil Neachtain re-opens on Tuesday, 8th May.

**GAELSCOIL INFORMATION**

**If you for looking for information, or clarity, in relation to any Gaelscoil matter, please contact the class teacher or phone the Gaelscoil office – 028 777 42529. Go raibh maith agat.**

**CHILD PROTECTION**

***Danielle Nic Ailín is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. In Danielle's absence, Róisín will take on the responsibilities of Designated Teacher. If you have any concerns, please contact Róisín or the Principal, immediately.***

**FEIS CHARN TÓCHAIR**

Don't forget – Feis Charn Tóchair takes place in An Carn, Tirkane, Maghera, on Saturday,12th May. A time-table of events will be made available beforehand.

**www.familysupportni.gov.uk**

The above-mentioned site provides information about all types of family support services.

**PUNCTUALITY**

**The school day begins at 8.50a.m. every day for all the children at Gaelscoil Neachtain.**